Banc Ceannais na hÉireann
Central Bank of Ireland
Eurosystem

# An Príomh-Chlár Creidmheasa

## Caighdeáin Seirbhíse & Feidhmíocht

## Nollaig 2023

Foilsithe: Eanáir 2024

An chéad nuashonrú eile: Aibreán 2024

# Clár na nÁbhar

An Príomh-Chlár Creidmheasa ........ 3

1. Seirbhísí d'Iasachtaithe ........ 4
2. Seirbhísí d'Iasachtóirí ........ 5
3. Miondealú ar Chomhaontuithe Creidmheasa de réir an Chineáil Táirge 7

Tuilleadh Eolais ........ 8

# An Príomh-Chlár Creidmheasa

## Is bunachar sonraí náisiúnta é an Príomh-Chlár Creidmheasa a stórálann faisnéis maidir le hiasachtaí tomhaltóirí agus gnóthaí i gcás ina bhfuil méid na hiasachta comhionann le €500 nó níos mó ná sin. Baintear úsáid as an bPríomh-Chlár Creidmheasa chun tuarascálacha creidmheasa a chruthú a mbeidh fáil ag iasachtaithe agus iasachtóirí orthu.

Beidh iasachtaithe ábalta a dtuarascálacha creidmheasa a fháil saor in aisce tráth ar bith (faoi réir úsáid chothrom) sa chaoi go mbeidh siad in ann breathnú ar an bhfaisnéis atá á stóráil ar an bPríomh-Chlár Creidmheasa faoina gcuid iasachtaí.

Beidh iasachtóirí ábalta tuarascálacha creidmheasa de chuid iasachtaithe a fháil chun cuidiú leo cinntí a ghlacadh i dtaobh iasachtaí agus iarratas ar iasachtaí. Ní mór d'iasachtóirí tuarascáil chreidmheasa iasachtaithe a iarraidh nuair a bheidh breithniú á dhéanamh acu ar iarratas ar iasacht €2,000 nó níos mó, agus féadfaidh siad déanamh amhlaidh freisin más lú ná sin méid na hiasachta.  Ina theannta sin, féadfaidh iasachtóir tuarascáil chreidmheasa iasachtaithe a fháil sna cásanna seo a leanas:

- má tá athstruchtúrú ar iasacht reatha iarrtha ag an iasachtaí;
- má tá riaráistí ar iasacht reatha;
- má tá an teorainn ar chárta creidmheasa nó ar rótharraingt sáraithe ag an iasachtaí.

Cruthaítear lorg gach uair a fhaightear rochtain ar thuarascáil chreidmheasa.  Folaíonn sé seo ainm an iarrthóra (amhail an t-iasachtóir), dáta na hiarrata agus an fáth atá léi.

Tacaíonn an Príomh-Chlár Creidmheasa le hoibleagáidí agus feidhmeanna an Bhainc Ceannais chun tomhaltóirí a chosaint, chun an earnáil airgeadais a mhaoirsiú agus chun cobhsaíocht airgeadais a chinntiú.

D'fhonn trédhearcacht a fheabhsú maidir le hoibriú an Phríomh-Chláir Chlár Creidmheasa, tá eolas sa doiciméad seo faoin méid seo a leanas:

1. Seirbhísí an Phríomh-Chláir Creidmheasa d'iasachtaithe agus d'iasachtóirí, agus feidhmíocht i leith caighdeáin seirbhíse chomhaontaithe;
2. Miondealú ardleibhéil ar líon na bhfiosruithe de réir an chineáil iasachtóra agus an chineáil táirge; agus
3. Miondealú ardleibhéil ar chomhaontuithe creidmheasa de réir an chineáil táirge mar a thuairiscítear don Phríomh-Chlár Creidmheasa iad.

## 1. Seirbhísí d'Iasachtaithe

**Tábla 1: Caighdeáin Seirbhíse d'Iasachtaithe[1]**

| Seirbhís | Sprioc | Feidhmíocht | | | | Iomlán 2023 (BGD) |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | | Ean - Márta | Aib - Meith | Iúil - MF | DF - Nollaig | |
| Iarratais ar thuarascálacha creidmheasa | 85% curtha i gcrích laistigh de 5 lá | 96% | 98% | 97% | 97% | 48,188 |
| Iarratais ar leasuithe | 50% curtha i gcrích laistigh de 20 lá[2] | 62% | 60% | 61% | 63% | 1,100 |
| Iarratais ar ráitis míniúcháin | 85% curtha i gcrích laistigh de 5 lá | 93% | 96% | 99% | 100% | 393 |

*I R4, sáraíodh spriocanna caighdeán seirbhíse d'iasachtaithe i gcás na n-iarratas go léir a fuarthas ó iasachtaithe. Tháinig méadú ar na hiarratais ar sheirbhísí uile d'iasachtaithe in 2023, agus tháinig méadú 32 faoin gcéad ar thuarascálacha creidmheasa le linn na bliana.*

| Tábla 2: Líon na dTeagmhálacha ón bPobal | Ean - Márta | Aib - Meith | Iúil - MF | DF - Nollaig | Iomlán 2023 (BGD) |
|---|---|---|---|---|---|
| Cuairteanna chuig an suíomh gréasáin | 305,434 | 315,422 | 319,629 | 256,679 | 1,197,164 |
| Freagraí tugtha ar Theagmhálacha ón bPobal[3] | 7,695 | 8,037 | 7,333 | 6,834 | 29,899 |

[1] Ní dhéanfar iarratas ó iasachtaí ar thuarascáil chreidmheasa, ar leasú, nó ar ráiteas míniúcháin a chur i ngníomh go dtí go mbeidh athbhreithniú déanta ar an bhfoirm iarratais agus na doiciméid tacaíochta agus go mbeidh glactha leo mar cháipéisí atá sásúil.
[2] I gcomhréir le ceanglas dlí, déileáltar le gach iarratas laistigh de 40 lá
[3] Áirítear fiosruithe ón bpobal trí ríomphost agus glaochanna ar an líne chabhrach, ar leith ó na teagmhálacha atá leagtha amach i dTábla 1.

## 2. Seirbhísí d'Iasachtóirí

Tá liosta iomlán d'iasachtóirí (Soláthraithe Faisnéise Creidmheasa) mar aon le miondealú de réir an chineáil iasachtóra le fáil ar an leathanach foilseacháin.

**Tábla 3: Caighdeáin Seirbhíse d'Iasachtóirí**

| Seirbhís | Sprioc | Feidhmíocht | | | |
|---|---|---|---|---|---|
| | | Ean - Márta | Aib - Meith | Iúil - MF | DF - Nollaig |
| Aga Freagartha an Chórais | 95% de fhreagairtí ≤ 4 soicind | 99.4% | 99.4% | 99.6% | 99.6% |
| Inúsáidteacht Córais | 97.5% d'uaireanta inúsáideachta | 100% | 100% | 100% | 100% |
| Uaslódáil comhad | 98% d'uaslódáil comhad déanta ≤ 5 lá | 100% | 100% | 99.85% | 100% |

*I R4, sáraíodh spriocanna uile caighdeán seirbhíse d'iasachtóirí. San am céanna, tháinig laghdú beag ar líon na bhfiosruithe ó iasachtóirí i R4 2023 i gcomparáid leis an tréimhse chéanna anuraidh. Ar an iomlán, d'fhan fiosruithe ó iasachtóirí sách cobhsaí in 2023 i gcomparáid le 2022.*

**Tábla 4: Líon na bhFiosruithe de réir an Chineáil Iasachtóra**

| | Ean - Márta | Aib - Meith | Iúil - MF | DF - Nollaig | Bliain go Dáta 2023 |
|---|---|---|---|---|---|
| *Fiosruithe ó Iasachtóirí* | 686,050 | 642,178 | 638,773 | 596,317 | 2,563,318 |
| *mar atá:* | | | | | |
| Bainc Cheadúnaithe | 289,113 | 281,090 | 285,505 | 255,720 | 1,111,428 |
| Comhair Chreidmheasa | 138,972 | 154,271 | 157,196 | 149,827 | 600,266 |
| Gnólachtaí Creidmheasa Miondíola | 145,352 | 139,918 | 138,926 | 122,352 | 546,548 |
| Eile | 112,613 | 66,899 | 57,146 | 68,418 | 305,076 |

### Tábla 5: Líon na bhFiosruithe de réir an Chineáil Táirge

| | Ean - Márta | Aib - Meith | Iúil - MF | DF - Nollaig | Bliain go Dáta 2023 |
|---|---|---|---|---|---|
| Fiosruithe ó Iasachtóirí | 686,050 | 642,178 | 638,773 | 596,317 | 2,563,318 |
| *mar atá:* | | | | | |
| Creidmheas Pearsanta[4] | 588,257 | 547,629 | 549,662 | 511,563 | 2,197,111 |
| Morgáistí[5] | 51,466 | 51,119 | 46,751 | 38,708 | 188,044 |
| Creidmheas Gnó[6] | 41,772 | 37,917 | 34,764 | 36,919 | 151,372 |
| Eile | 4,555 | 5,513 | 7,596 | 9,127 | 26,791 |

[4] Áirítear Iasacht Phearsanta; Cárta Creidmheasa; Rótharraingt; Fruilcheannach (HP); Plean Conartha Pearsanta (PCP); Cárta Muirir agus Léasú

[5] Áirítear Morgáiste – Iasachtaí Tí Cónaithe; Morgáiste – Ceannach le Ligean ar Cíos; agus Plean Morgáiste Saoil

[6] Áirítear Cárta Creidmheasa Gnó, Rótharraingt Ghnó, Iasacht Ghnó, Fruilcheannach Gnó, Saoráid Imrothlaigh Ghnó, Léasú Gnó, Maoiniú Stoic, Maoiniú Slabhra Soláthair agus Morgáiste - Tráchtáil

## 3. Miondealú ar Chomhaontuithe Creidmheasa de réir an Chineáil Táirge

### Tábla 6: Comhaontuithe Creidmheasa de réir an Chineáil Táirge

| | **Deireadh Nollaig 2023** |
|---|---|
| *Iomlán* na gComhaontuithe Gníomhacha Creidmheasa | 5,369,366 |
| *mar atá:* | |
| Creidmheas Pearsanta[7] | 3,813,806 |
| Morgáistí[8] | 808,498 |
| Creidmheas Gnó[9] | 572,131 |
| Eile | 174,931 |

[7] Áirítear Iasacht Phearsanta, Cárta Creidmheasa, Rótharraingt, Fruilcheannach (HP), Plean Conartha Pearsanta (PCP), Cárta Muirir agus Léasú

[8] Áirítear Morgáiste – Iasachtaí Tí Cónaithe; Morgáiste – Ceannach le Ligean ar Cíos; agus Plean Morgáiste Saoil

[9] Áirítear Cárta Creidmheasa Gnó, Rótharraingt Ghnó, Iasacht Ghnó, Fruilcheannach Gnó, Saoráid Imrothlaigh Ghnó, Léasú Gnó, Maoiniú Stoic, Maoiniú Slabhra Soláthair agus Morgáiste - Tráchtáil

# Tuilleadh Eolais

Idirlíon: https://www.centralcreditregister.ie/ga

https://www.centralcreditregister.ie/borrower-area/faqs/

https://www.centralcreditregister.ie/ga/su%C3%ADomh-na-niasacht%C3%B3ir%C3%AD/

https://www.centralcreditregister.ie/ga

Banc Ceannais na hÉireann
Central Bank of Ireland
Eurosystem